Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13144/25
PV CONS 46
AGRI 441
PECHE 281
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

22 agus 23 Meán Fómhair 2025

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 22 MEÁN FÓMHAIR 2025**

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle leis an gclár oibre a leagtar amach in 12847/25 + COR 1

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 12941/1/25 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 12942/25

**Talmhaíocht**

1. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 maidir le bearta i gcoinne tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe** ❶C 11677/25 PE-CONS 19/25 PECHE
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 17.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) agus Airteagal 207 CFAE), agus an Danmhairg ag staonadh ón vótáil.

**An Comhshaol**

2. **Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú** ❶C 12677/25 + ADD 1 9047/25 + ADD 1 ENV
*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 17.9.2025

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE), agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil.
Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

IASCACH

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. An tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe: na comhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta do 2026 — 12706/25
   *Seisiún tuairimíochta*

4. An tAontas Eorpach agus an Iorua agus na stáit chósta: na comhairliúcháin bhliantúla do 2026 — 12711/25
   *Seisiún tuairimíochta*

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

5. **Coinníollacha a bhunú maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais 2028-2034** — 12707/25, 11757/25 + COR 1 + COR 2 REV 1
   *Cur i láthair ón gCoimisiún*
   *Díospóireacht bheartais*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún, barúlacha na dtoscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

6. **Tograí maidir le CBT tar éis 2027**

   (i) **Rialachán ón gComhairle lena leasaítear an Rialachán lena socraítear a mhéid a bhaineann le scéim scoile an Aontais** — 11715/25

   *Cur i láthair ón gCoimisiún*
   *Díospóireacht bheartais*

Pléadh mír 6 (i), mír 6 (ii) agus mír 6 (iii) le chéile.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

6. **(ar lean) Tograí maidir le CBT tar éis 2027**

(ii) **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM) a mhéid a bhaineann leis an scéim scoile, idirghabhálacha earnála, earnáil na próitéine, cnáib, caighdeáin mhargaíochta, dleachtanna allmhairiúcháin, infhaighteacht soláthairtí agus urrús** ❶C 11722/25 + ADD 1

(iii) **Rialachán lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ónAontas faoi CBT a chur chun feidhme** ❶C 11733/25 + ADD 1 + ADD 1 COR 1

*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Díospóireacht bheartais*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis na tograí le haghaidh comhbheartas talmhaíochta tar éis 2027. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle freisin maidir leis na tograí, agus thug sí dá haire barúlacha na dtoscaireachtaí.

**Aon ghnó eile**

7. **Talmhaíocht**

(a) **Riail an tsaortha le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPleananna Straitéiseacha CBT** 12836/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Laitvia, le tacaíocht ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Eastóin, ón Spáinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón Ungáir, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire faisnéis ón Laitvia, le tacaíocht ón mBulgáir, ón tSeicia, ón Eastóin, ón Spáinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ón Ungáir, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(b) An caidreamh trádála leis an Úcráin i bhfianaise Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh san Úcráin** 12908/25
*Faisnéis ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil maidir leis an gcaidreamh trádála leis an Úcráin i bhfianaise an Limistéir Dhomhain Chuimsithigh Saorthrádála athbhreithnithe idir an tAontas agus an Úcráin. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(c) Géarchéim i margadh fíona na hEorpa** 12887/25
*Faisnéis ón nGearmáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil maidir leis an ngéarchéim i margadh fíona na hEorpa agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(d) Príomhthorthaí an 44ú Seisiún de Chomhdháil FAO (an Róimh, an 28 Meitheamh – an 4 Iúil 2025)** 12834/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 23 MEÁN FÓMHAIR 2025**

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

8. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil — 12930/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

**Aon ghnó eile**

**9. Talmhaíocht**

(a) **Ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc agus forléargas ar an staid san Eastóin** — 2 — 12809/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Eastóin, le tacaíocht ón tSeicia, ó Lucsamburg agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Eastóin ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ó Lucsamburg, ón Ungáir agus ón tSlóvaic, agus barúlacha na dtoscaireachtaí. Chuir an Ungáir in iúl ó bhéal go dtacaíonn sí leis an tionscnamh agus d'iarr sí go gclárófaí é i miontuairiscí na Comhairle.

(b) **Substaintí bunúsacha a dhaingniú i gcosaint plandaí** — 2 — 12864/25 + COR 1
*Faisnéis ón nGearmáin le tacaíocht ón tSeicia, ón bhFrainc, ó Lucsamburg, ón Ungáir, ón Ostair, ón Rómáin ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ón bhFrainc, ó Lucsamburg, ón Ungáir, ón Ostair, ón Rómáin ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic, agus barúlacha na dtoscaireachtaí.

(c) **Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce** ⟨2⟩ 9932/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún agus an Ghearmáin ar fáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón Iodáil, ón Ungáir, ón Ostair, ón bPolainn agus ón bPortaingéil. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(d) **Straitéis Eorpach maidir le hathléimneacht i réimse an uisce – peirspictíocht talmhaíochta** ⟨2⟩ 12950/1/25 REV 1
*Faisnéis ón nGearmáin, le tacaíocht ón mBulgáir, ón Iodáil, ón Ungáir, ón Ostair, ón bPolainn agus ón bPortaingéil*

Pléadh mír 9(d) agus mír 9(c) le chéile.

**Iascach**

(e) **An gá atá le bearta chun gur féidir broighill a fhiach bunaithe ar éiceachórais, agus chun comhordú a dhéanamh i measc na mBallstát chun gníomhaíochtaí a dhéanamh chun stoic éisc íogaire a chosaint agus chun an bhithéagsúlacht a neartú** ⟨2⟩ 12831/25
*Faisnéis ón tSualainn le tacaíocht ón tSeicia, ón Eastóin, ón Laitvia, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ón Eastóin, ón Laitvia, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón bhFionlainn. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

---

⓿ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

⟨2⟩ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 12942/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Tacaíonn an Eastóin le haidhm fhoriomlán an Rialacháin, is é sin, caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol a chosc agus éiceachórais agus sláinte an duine a chosaint. Measaimid, áfach, gur gá an t-ábhar imní seo a leanas a chur in iúl.

Ní thacaíonn an Eastóin i bprionsabal le rialacha earnáilsonracha maidir leis an dlí sibhialta a thabhairt isteach i reachtaíocht mhargadh inmheánach an Aontais ós rud é go gcruthaíonn na difríochtaí sin castacht mhíchuí sa chóras dlí agus go bhféadfaidís staid a chruthú ina gcaitear le daoine, lena n-áirítear daoine díobhálaithe nó gnólachtaí atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla, ar bhealach éagsúil, rud a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú maidir le prionsabal na córa comhionainne a léirítear inár mBunreacht. Tá feidhm aige sin maidir leis na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis na tréimhsí teorann d'éilimh i leith damáiste don tsláinte, arbh iad sáruithe ar an Rialachán ba chúis leo.

Cé go luaitear sa téacs atá ann faoi láthair go bhféadfaidh na Ballstáit tréimhsí teorann a bhunú do na héilimh sin ar chúiteamh, déantar foráil ann fós maidir leis na rialacha sonracha sainordaitheacha i ndáil le túsphointe na tréimhse teorann. Ciallaíonn sé sin gurb éagsúil é an tréimhse theorann maidir le héileamh ar dhamáiste don tsláinte a thagann aníos de bharr sárú ar an Rialachán leis an tréimhse theorann maidir le héilimh eile i ndáil le damáiste don tsláinte, dá bhforáiltear tréimhse theorann aonfhoirmeach faoi dhlí na hEastóine, agus é á chur san áireamh nár cheart caitheamh le híospartaigh ar bhealach éagsúil ag brath ar an ngníomh éagórach ba chúis leis an damáiste don tsláinte.'

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Tacaíonn an Laitvia le príomhchuspóirí an Rialacháin, .i. an leibhéal cosanta comhshaoil a mhéadú trí shileadh millíní plaisteacha a chosc óna mbunchoimeádáin le linn gnáthláimhseála, agus ar an gcaoi sin riosca an tsilte a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir. **Is féidir leis an Laitvia tacú leis an seasamh ón gComhairle d'fhonn é a ghlacadh.**

Ag an am céanna, **is cúis imní** fós don **Laitvia** leathnú raon feidhme an Rialacháin, is é sin **go ndéanfaí an muiriompar a áireamh** ann.

Is cúis imní ar leith don Laitvia **nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair cuimsitheach** maidir leis an earnáil áirithe sin a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo. Thairis sin, d'fhéadfadh **cur chun feidhme praiticiúil** an Rialacháin a bheith casta, i bhfianaise chineál réigiúnach an Rialacháin. Tá Moltaí IMO (MEPC.1/Circ.909) deonach do gach ballstát IMO – tá sé de cheart acu rogha a dhéanamh na moltaí sin a chur chun feidhme. Trí Mholtaí IMO sa Rialachán seo a ghlacadh, beidh sé d'oibleagáid ar Bhallstáit uile an Aontais iad a chur chun feidhme go héigeantach.

Creideann an Laitvia **gur gá breithniú críochnúil a dhéanamh ar an ábhar sin san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO)**, a mbeadh na páirtithe leasmhara uile rannpháirteach ar bhealach gníomhach sa phróiseas cinnteoireachta (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha). Is é an tuairim atá againn gur cheart do Bhallstáit an Aontais comhoibriú faoi chuimsiú chreat IMO chun forbairt agus glacadh tráthúil na leasuithe ar choinbhinsiúin IMO a chur chun cinn, leasuithe lena dtabharfaí aghaidh ar bhealach éifeachtach agus ar scála domhanda ar shaincheist iompar na millíní plaisteacha ar muir.'